2025/1277

26.6.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1277 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Meitheamh 2025

lena leasaítear den 348ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1), pointe (a), agus Airteagal 7a(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis a chumhdaítear leis an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(2) An 16 Meitheamh 2025 chuir Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bunaíodh de bhun Rúin 1267(1999), 1989(2011) agus 2253(2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe iontráil amháin le liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir sin.

(4) Chun a áirithiú go mbeidh na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo éifeachtach, ba cheart é a theacht i bhfeidhm láithreach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,

Ard-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais,
Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/881/oj.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, faoin gceannteideal 'Daoine nádúrtha', cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

'Abubakar Swalleh (ainm bréige láidir: (a) Abubaker Swaleh; (b) Tom Kiyurige). Inscne: fireann. Dáta breithe: 13.1.1992. Áit bhreithe: Mengo, Uganda. Náisiúntacht: Ugandach. Pasuimhir: A00195974 (Pas Ugandach). Uimhir aitheantais náisiúnta: CM920231090NZA (Uganda). Seoladh: Príosún Luzira, Luzira, Kampala, Uganda. Faisnéis eile: (a) soláthraíonn sé tacaíocht airgeadais, ábhartha nó theicneolaíoch do SIIL (atá liostaithe mar Al-Qaida san Iaráic), nó soláthraíonn sé seirbhísí airgeadais nó seirbhísí eile do SIIL nó chun tacú le SIIL; (b) ghníomhaigh sé, ó bhí 2018 ann, mar éascaitheoir SIIL a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais agus lóistíochta, lena n-áirítear earcaíocht le haghaidh SIIL in Oirthear agus i nDeisceart na hAfraice. Uimhir theileafóin: +963936016952. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 16.6.2025.'